

Iarnród na hUaimhe
AN BEALACH ROGHNAITHE
Comhairliúchán Poiblí

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

TETRA TECH

ARCADIS

Iarnród Éireann Irish Rail

CLÁR ÁBHAIR



FÁILTE 3

4 COMHAIRLIÚCHÁN AR AN mBEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

TUILLEADH MEASÚNUITHE AGUS STAIDÉIR 6

8 STÁISIÚIN ATÁ BEARTAITHE

PRÍOMHGHNÉITHE IARNRÓD NA hUAIMHE 12

13 AN MÉID A CHUIRFÍ AR FÁIL LE hIARNRÓD NA hUAIMHE

STAIR AN TIONSCADAIL 14

15 CUSPÓIR AN TIONSCADAIL

COMHTHÉACS BEARTAIS 16

17 NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE CHUN TIONSCADAL IARNRÓD NA hUAIMHE A CHUR I gCRÍCH

CUIR DO THUAIRIM IN IÚL 18

Do threoir don Chomhairliúchán ar an mBealach Roghnaithe d'Iarnród na hUaimhe, agus conas is féidir le d'aiseolas cabhrú le cruth a chur ar an gcéad chéim eile den tionscadal

FÁILTE GO DTÍ AN COMHAIRLIÚCHÁN AR AN mBEALACH ROGHNAITHE

FORBAIRT IARNRÓD NA hUAIMHE A CHUR CHUN CINN

Tá Iarnród na hUaimhe, ceangal iarnróid nua atá beartaithe idir an Uaimh agus Ollpháirc M3, á fhorbairt ag Iarnród Éireann lena ndéanfar ceangal leis an ngréasán iarnróid atá ann cheana i dtreo Bhaile Átha Cliath. Is síneadh ar DART+ é Iarnród na hUaimhe, agus leis an líne iarnróid nua, soláthrófar iompar poiblí rialta atá iontaofa agus inbhuanaithe.


Reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar idir Bealtaine agus Iúil 2026, agus fuarthas 1,520 aighneacht le linn an chomhairliúcháin sin. Ina dhiaidh sin, rinneadh staidéir bhreise innealtóireachta, iompair agus comhshaoil. Tá an Bealach Roghnaithe a chuirtear i láthair sa bhróisiúr seo bunaithe ar an obair sin, mar aon leis an aiseolas a fuarthas.

Tá aiseolas á lorg anois ag foireann an tionscadail maidir leis an mBealach Roghnaithe de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile de dhearadh agus de mheasúnú. Ba é an Bealach is Dealraithí a Roghnófar an togra tosaigh a cuireadh i láthair tar éis próiseas roghnúcháin na roghanna, agus rinneadh an Bealach Roghnaithe a mhionchoigeartú trí anailís bhreise agus tríd an aiseolas a fuarthas a bhreithniú. Ní hionann an Bealach Roghnaithe agus dearadh deiridh an iarnróid, na stáisiún ná an bhonneagair ghaolmhair, agus níl an tionscadal i bpróiseas reachtúil na pleanála go fóill.

Cuir do Thuairim in Iúl

Tugann Iarnród Éireann cuireadh duit féachaint ar an mBealach Roghnaithe maidir le hIarnród na hUaimhe agus aiseolas a chur ar fáil chun cuidiú le bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile d'fhorbairt an tionscadail, lena n-áireofar an réamhdhearadh agus an measúnú timpeallachta.

Beidh an comhairliúchán poiblí ar oscailt go dtí Déardaoin, an 10 Nollaig 2026



COMHAIRLIÚCHÁN AR AN mBEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

DO CHUID AISEOLAIS, ÁR bhFREAGRA

Idir Bealtaine agus Iúil 2026, reáchtáil Iarnród Éireann comhairliúchán poiblí ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar d'Iarnród na hUaimhe. Sa chomhairliúchán, iarradh aiseolas ar an mbealach a bhí beartaithe, ar láithreacha stáisiún agus ar shaincheisteanna áitiúla nach mór a bhreithniú de réir mar a fhorbraítear an tionscadal. Léirigh an t-aiseolas a fuarthas go n-aithníonn an pobal go láidir na tairbhí a bhainfeadh le hIarnród na hUaimhe.

Ba é cuspóir an chéad chomhairliúcháin phoiblí ná tograí tosaigh a chur i láthair an phobail agus aiseolas, ábhair imní nó eolas áitiúil a shainaithint roimh an mBealach Roghnaithe a roghnú.

Fuarthas
1,520
aighneacht fhoirmiúla ó bhaill an phobail, ó ghrúpaí pobail, ó ghnólachtaí, ó úinéirí talún, ó ionadaithe tofa agus ó pháirtithe leasmhara eile

50
cruinniú duine le duine le húinéirí réadmhaoine agus le príomhpháirtithe leasmhara eile

4 imeacht ar an láthair,
1 seimineár gréasáin agus
2 chruinniú faisnéise d'ionadaithe tofa

D'fhreastail níos mó ná
690
duine ar imeachtaí


Tugadh cuairteanna ar láithreáin feadh an bhealaigh atá beartaithe

DO CHUID AISEOLAIS

An Gá atá leis an Iarnród	Clár Cur i gCrích an Tionscadail
Próiseas um Roghnú an Bhealaigh	Ailíniú an Bhealaigh
Stáisiúin, Rochtain & Páirceáil	Breithnithe Comhshaoil
Tionchair ar Réadmhaoin, ar Fheirmeoireacht agus ar Ghnólachtaí	Breithnithe Oibriúcháin



An leibhéal sástachta leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar



Tar éis an chomhairliúcháin, rinne foireann an tionscadail athbhreithniú ar na haighneachtaí uile a fuarthas, agus rinne sí anailís theicniúil bhreise agus measúnuithe breise. Chuidigh an obair sin le deiseanna a shainaithint chun an tionscadal a mhionchoigeartú, freagra a thabhairt ar an aiseolas a tugadh le linn an chomhairliúcháin agus tacú le Bealach Roghnaithe a roghnú d'Iarnród na hUaimhe, d'fhonn anailís bhreise a dhéanamh chun tabhairt faoi imní.

BEARTA A RINNEADH	Athbhreithniú agus measúnú mionsonraithe ar aighneachtaí
	Measúnuithe breise innealtóireachta agus pleanála iompair
	Tuilleadh suirbhéanna agus cuairteanna ar láithreáin feadh an bhealaigh atá beartaithe
	Staidéir timpeallachta

TORTHAÍ	Sainaithníodh na príomhábhair imní a ardaíodh sna haighneachtaí agus tugadh fúthu
	Léargais áitiúla mar bhonn eolais d'fhorbairt an réamhdhearaidh agus don mheasúnú tionchair timpeallachta
	Mionchoigeartuithe arna dtreorú ag comhairliúchán
	Deimhníodh an Bealach Roghnaithe

TUILLEADH MEASÚNUITHE AGUS STAIDÉIR

Bhí na saincheisteanna arna gcur in iúl ag pobail, ag úinéirí talún, ag páirtithe leasmhara agus ag baill an phobail, mar bhonn eolais do chlár anailíse breise agus staidéar teicniúil. Rinneadh iarracht leis an obair sin tuiscint níos fearr a fháil ar na deiseanna, na srianta agus na saincheisteanna áitiúla a sainaithníodh le linn an chomhairliúcháin agus tacú le Bealach Roghnaithe a roghnú d'Iarnród na hUaimhe.

Quarryland / Ráth Riagáin

Rinneadh measúnú ar ailíniúcháin eile don bhealach mar fhreagairt ar aiseolas maidir le scoilteadh talún agus tuilte. Mar thoradh air sin, rinneadh an bealach a choigeartú chun a bheith ailínithe níos gaire do chonair bhunaidh an iarnróid.

Stáisiún agus Áis Páirceála & Taistil Dhún Seachlainn

Rinneadh measúnuithe breise chun suíomh stáisiún Dhún Seachlainn agus na hÁise Páirceála & Taistil a bhreithniú. Tar éis samhaltaithe agus anailíse, tá láthair an stáisiúin fós mar a bhí ann sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar. Bogadh an Áis Páirceála agus Taistil níos gaire don stáisiún.

Baile Leisiam

Rinneadh measúnú ar ailíniúcháin eile an bhealaigh mar fhreagairt ar aiseolas ar athailíniú beartaithe an bhóthair ag Lána Bhaile Leisiam. Mar thoradh air sin, rinneadh an bealach a choigeartú chun an tionchar ar réadmhaoine cónaithe i mBaile Leisiam a íoslaghdú.

Ceantar Dhún Samhnaí

Rinneadh anailís bhreise ilchritéar ar bhealaí eile i gceantar Dhún Samhnaí mar fhreagairt ar imní faoi chur ar ais na líne iarnróid bhunaidh trí Eastát Dhún Samhnaí. Léiríodh leis an anailís go bhfuil an chonair iarnróid bhunaidh fós ina rogha roghnaithe.


Stáisiún Theas na hUaimhe

Rinneadh samhaltú agus anailís chun measúnú a dhéanamh ar an ngá le stáisiún breise a fhreastalóidh ar dheisceart na hUaimhe. Léirigh an anailís nach bhfuil údar le stáisiún breise i ndeisceart na hUaimhe. Mar sin féin, rinneadh socruithe a cheadóidh stáisiún a thógáil sa láthair sin amach anseo.

Athailíniú bóithre


Rinneadh breithniú breise ar na hathailínithe bóithre atá beartaithe ar an L2209 i Ráth Riagáin agus ar an L4010 i gCill Mheasáin. Rinneadh anailís chun deiseanna a shainaithint chun tionchair fhéideartha ar chónaitheoirí agus ar réadmhaoine in aice láimhe a sheachaint, a laghdú agus a mhaolú. Mar thoradh ar an anailís, rinneadh athruithe ar athailínithe na mbóithre sna láithreacha sin.

Tá tuilleadh sonraí faoi na measúnuithe agus na staidéir a rinneadh, agus faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar an mbealach beartaithe, ar fáil sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú Teicniúil ar an Aiseolas ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar.


T/N
Baile Shláine
Slane
R162
N51
An Bhóinn
River Boyne
An Abhainn Dubh
River Blackwater
R147
An Uaimh Thuaidh
Navan North
An Uaimh
Navan
An Uaimh Láir
Navan Central
M3
N2
R153
Baile an Cheantaigh
Kentstown
Iarnród na hUaimhe
Navan Railway
An Bealach Roghnaithe
Preferred Route
An tIarnród Comaitéireachta go
Baile Átha Cliath atá ann cheana
Existing Commuter Rail to Dublin
Láithreacha Stáisiún atá Beartaithe
Proposed Station Locations
Stáisiúin atá ann cheana
Existing Stations
An Bealach is Dealraithí a Roghnófar
Emerging Preferred Route
R152
R161
R147
An Scrín
Skryne
Teamhair
Hill of Tara
An Bhóinn
River Boyne
Cill Mheasáin
Kilmessan
Cill Mheasáin
Kilmessan
M3
Dún Samhnaí
Dunsany
Baile Leisiam
Leshemstown
Dún Seachlainn
Dunshaughlin
Droim Rí
Drumee
R155
Dún Seachlainn
Dunshaughlin
R154
Droim Rí
Drumree
R125
R158
Dún Seachlainn
Dunshaughlin
R125
Ráth Tó
Ratoath
Cill Dhéagláin
Ashbourne
M3
M2
R135
R155
Baile an
Bhóthair
Batterstown
M3
Ráth Beagáin
Rathbeggan
R147
Ráth Riagáin
Rathregan
Cill Bhríde
Kilbride
Ollpháirc M3
M3 Parkway
AN MHÍ · MEATH
BAILE ÁTHA CLIATH · DUBLIN
R147
R154
Quarryland
Quarryland
M3
R156
Baile an Chócaire
Cookstown
Dún Búinne
Dunboyne
Dún Búinne
Dunboyne
R154
M4
R157

STÁISIÚIN ATÁ BEARTAITHE

STÁISIÚN THUAIDH NA hUAIMHE



Rochtain ó Bhóthar Ráth Arlain, gar do líne iarnróid Dhún an Rí atá as úsáid

Aga turais thart ar 1 uair an chloig go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Suas le 800,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain


Rochtain dhíreach ar an nGlasbhealach ó Ghleann na Bóinne go Fearann an Locha

Eochair

- An Bealach Roghnaithe
- Láthair Stáisiúin atá beartaithe
- Áis Pháirceála & Taistil atá beartaithe
- Áiseanna Iarnróid agus Limistéar Páirceála do Thraenacha
- Bealach Coisithe

Inrochtaineacht Áitiúil	Suite sa chuid thuaidh de cheantar uirbeach na hUaimhe, freastalóidh an stáisiún seo ar dhaonra mór, le beagnach 39,000 cónaitheoir laistigh de shiúlóid nó de rothaíocht 30 nóiméad ó shuíomh beartaithe an stáisiúin.
Áiseanna Páirceála agus Taistil Áitiúla	Moltar carrchlós mór ag an stáisiún seo, ag leathnú a stáisiúncheantair go comaitéirí in aice láimhe ó thuaidh ón Uaimh.
Rochtain ar Áiseanna	Tabharfaidh Stáisiún Thuaidh na hUaimhe rochtain le traein ar áiseanna agus ar thaitneamhachtaí áitiúla, lena n-áirítear an Glasbhealach ó Ghleann na Bóinne go Fearann an Locha, Páirc na hAbhann Duibhe agus an tIonad Fóillíochta Aura.
Fás agus Forbairt	Tacóidh an stáisiún le fás sa cheantar, agus éascóidh sé forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chónaithe.

STÁISIÚN LÁIR NA hUAIMHE



Suite idir Bóthar an Iompair agus Bóthar Bhaile Átha Troim (R161)

Aga turais thart ar 1 uair an chloig go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Suas le 1,900,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

Comhtháthú le hiompar poiblí áitiúil

Achar siúil gairid ó lár Bhaile na hUaimhe

Lonnaithe go Lárnach

Lonnaithe achar gearr ó lár na hUaimhe, freastalóidh an stáisiún seo ar dhaonra suntasach le thart ar 36,000 duine ina gcónaí laistigh de shiúlóid nó rothaíocht 30 nóiméad.

Rochtain ar Leas Coisithe

Soláthrófidh Stáisiún Láir na hUaimhe rochtain shábháilte do choisithe agus do rothaithe. I bhfianaise shuíomh uirbeach an stáisiúin, táthar ag súil go mbeidh teorainn le háiseanna páirceála ach beidh limistéar fágála tacsaí/gluaisteán sa stáisiún agus déanfar an stáisiún a chomhtháthú go hiomlán le háiseanna nua-aimseartha inrochtana do choisithe agus do rothaithe.


Idirnascacht

Tacóidh an stáisiún seo le comhtháthú le seirbhísí bus áitiúla agus déanfaidh sé nascacht idir córacha iompair a éascú.

Rochtain Fheabhsaithe ar an Uaimh

Cuirfidh Stáisiún Láir na hUaimhe feabhas ar naisc iompair phoiblí le croí uirbeach na hUaimhe, rud a chuirfidh ar chumas paisinéirí rochtain a fháil ar áiseanna lena n-áirítear Ionad Ealaíon Solstice agus Páirc Tailteann. Tacóidh an stáisiún seo le geilleagar an bhaile agus spreagfaidh sé taisteal go dtí an Uaimh le haghaidh oibre, fóillíochta nó turasóireachta.

STÁISIÚN CHILL MHEASÁIN



Suite taobh thiar de shráidbhaile Chill Mheasáin agus rochtain air tríd an L2205

Aga turais níos lú ná 1 uair an chloig go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Aga turais níos lú ná 10 nóiméad go Stáisiún Láir na hUaimhe


Suas le 200,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

Eochair

- An Bealach Roghnaithe
- Láthair Stáisiúin atá beartaithe
- Áis Pháirceála & Taistil atá beartaithe
- Rochtain d'Fheithiclí
- Rochtain Coisithe

Nascacht Áitiúil a Fheabhsú	Méadóidh an stáisiún seo minicíocht agus iontaofacht na seirbhísí iompair phoiblí i gCill Mheasáin go suntasach.
Stáisiún Nua	Tá sé beartaithe an stáisiún nua seo a lonnú ar shuíomh difriúil ón áit a raibh iar-stáisiún Chill Mheasáin. Tá sé seo amhlaidh mar gheall ar an bhforbairt a rinneadh ar an suíomh sin ó dúnadh an stáisiún bunaidh.
Áiseanna Páirceála agus Taistil Áitiúla	Cuirfidh carrchlós mór ar chumas cónaitheoirí ó bhailte agus sráidbhailte máguaird taisteal go Cill Mheasáin agus páirceáil ansin sula dtaistealaíonn siad ar aghaidh go dtí an Uaimh nó Baile Átha Cliath.
Nascacht Fheabhsaithe	Cuirfidh stáisiún Chill Mheasáin feabhas ar an rochtain ar ionaid uirbeacha eile trí iompar poiblí, lena n-áirítear an Uaimh, Dún Seachlainn agus ar aghaidh chuig Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin, rud a chuirfidh leis an rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar dheiseanna fostaíochta.
Forbairt sa Todhchaí a Chumasú	Cumasóidh an stáisiún seo acmhainn fáis i gCill Mheasáin agus éascóidh sé soláthar tithíochta amach anseo.

STÁISIÚN DHÚN SEACHLAINN



Suite taobh thiar de Dhún Seachlainn, gar do mhótarbhealach an M3

Aga turais níos lú ná 50 nóiméad go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Aga turais thart ar 15 nóiméad go Stáisiún Láir na hUaimhe

Suas le 1,400,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

Eochair

- An Bealach Roghnaithe
- Láthair Stáisiúin atá beartaithe
- Áis Pháirceála & Taistil atá beartaithe
- Rochtain d'Fheithiclí
- Rochtain Coisithe
- Pointe Aistrithe Taistil Ghníomhaigh/ Iompair Phoiblí

Lonnaithe go straitéiseach	Tá an stáisiún beartaithe suite idir baile Dhún Seachlainn agus Mótarbhealach an M3. Beidh sé inrochtana ón bpríomhshráid sa bhaile agus ón timpeallán ag Stáisiún Seirbhíse M3 Dhún Seachlainn.
Ag Tacú le Forbairt Áitiúil	Feabhsóidh nasc díreach iompair phoiblí taisteal go Dún Seachlainn agus cabhróidh sé an ceantar a fhorbairt ina bhaile fáis féinchothabhálach. Tacóidh an stáisiún le leathnú eacnamaíoch, cruthóidh sé deiseanna nua fostaíochta agus spreagfaidh sé forbairt dhlúth.
Áiseanna Páirceála agus Taistil Áitiúla	Cuirfidh an stáisiún seo spásanna páirceála ar fáil, ag leathnú a stáisiúncheantair ionas gur féidir le comaitéirí ó bhailte agus sráidbhailte in aice láimhe rochtain a fháil ar an iarnród nua.
Baile Comaitéireachta Faoi Bhláth	Toisc go bhfuil Dún Seachlainn gar do Bhaile Átha Cliath, is príomhshuíomh comaitéireachta é. Cuirfidh an stáisiún seo nasc iontaofa agus díreach ar fáil don bhaile le lár na cathrach, rud a chumasóidh rochtain ar fhostaíocht, ar thaitneamhachtaí agus ar sheirbhísí do chónaitheoirí, agus a thacóidh le forbairt amach anseo.

PRÍOMHGHNÉITHE IARNRÓD NA hUAIMHE

Ag nascadh pobal feadh an bhealaigh le gréasán iarnróid na hÉireann atá comhtháite agus ag leathnú


Seirbhísí díreacha go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Síneadh ar Ghréasán DART+ go dtí an Uaimh

Aga turais thart ar **1 UAIR AN CHLOIG** ó Stáisiún Láir na hUaimhe go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Seirbhísí suas le gach 15 nóiméad le linn buaicthréimhsí

Seirbhísí suas le gach 15 nóiméad le linn buaicthréimhsí



Suas le **63,000 DUINE** laistigh de shiúl, de thuras rothair nó de thuras i gcarr 30 nóiméad ó stáisiún

Suas le **4,400 PAISINÉIR** i ngach treo, in aghaidh na huaire

Suas le **4 MHILLIÚN** gluaiseacht paisinéara gach bliain faoi 2050



CEITHRE STÁISIÚN NUA

34KM DE RIANTA NUA

TRÍ LÁTHAIR PHÁIRCEÁLA & TAISTIL ag Stáisiún Thuaidh na hUaimhe, Stáisiún Chill Mheasáin agus Stáisiún Dhún Seachlainn

GRÉASÁN IARNRÓID LEICTRITHE trína laghdaítear ár n-astaíochtaí carbóin d'fhonn spriocanna aeráide a chomhlíonadh



1 TRAEIN = 15 BHUS = 1,028 gCARR





AN MÉID A CHUIRFÍ AR FÁIL LE hIARNRÓD NA hUAIMHE

TAIRBHÍ IARNRÓD NA hUAIMHE AR MHAITHE LE POBAIL, LE NASCACHT AGUS LE FÁS INBHUANAITHE

Cuirfidh Iarnród na hUaimhe rogha iompair phoiblí rialta, iontaofa agus inbhuanaithe ar fáil lena bhfeabhsófar nascacht, lena gcumasófar fás agus lena laghdófar astaíochtaí carbóin.



Síneadh DART+ go dtí an Uaimh

Beidh Iarnród na hUaimhe ina shíneadh ar DART+ ó Ollpháirc M3 lena dtabharfar seirbhísí iarnróid leictrithe thar a bheith rialta agus ardtoillte paisinéirí chuig an Uaimh.




Nascacht Fheabhsaithe

Le hIarnród na hUaimhe déanfar pobail a nascadh feadh an bhealaigh le gréasán iompair phoiblí na hÉireann atá comhtháite agus ag leathnú. Is í an Uaimh an baile is mó in Éirinn nach bhfuil suite faoi láthair ar an ngréasán iarnróid.




Fás & Forbairt a Éascú

Le hIarnród na hUaimhe déanfar soláthar tithíochta a éascú mar aon le forbairt eacnamaíoch do phobail feadh an bhealaigh atá beartaithe.



Taisteal Iarnróid Leictrithe

Le hiarnród leictrithe na hUaimhe spreagfar roghanna iompair inbhuanaithe, ag tacú leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus spleáchas ar charranna príobháideacha á laghdú.



Rochtain Leathnaithe ar Sheirbhísí

Trí Iarnród na hUaimhe leathnófar rochtain na bpobal áitiúil ar fhostaíocht, ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí eile ar fud an bhealaigh atá beartaithe. Leis an tionscadal seo éascófar taisteal ar iompar poiblí chuig Contae na Mí ar mhaithe le comaitéireacht, caitheamh aimsire agus turasóireacht.

STAIR AN TIONSCADAIL

Is tionscadal nua é Iarnród na hUaimhe. Cuireadh tús leis an bpleanáil agus leis an bhforbairt dó ón tús chun cloí le reachtaíocht reatha na hÉireann agus an AE, chomh maith le beartais an Rialtais. Rinneadh go leor roghanna bealaigh a mheas agus a anailísiú, chomh maith le fás daonra ó 2011 i leith, mar chuid den phróiseas sin chun an Bealach Roghnaithe a aithint.

Leanann an Bealach Roghnaithe bealach atá cosúil le bealach an iarnróid bhunaidh, agus úsáid á baint as an gconair iarnróid as úsáid nuair is féidir.

1862

Osclaíodh an t-iarnród bunaidh ón Uaimh go Cluain Saileach.

1947

Cuireadh deireadh le seirbhísí do phaisinéirí.

1963 - 1967

Stopadh seirbhísí earraí in 1963, díchóimeáladh an t-iarnród agus díoladh na tailte.

2008 - 2011

Rinneadh oibreacha chun an chuid den iarnród ó Ollpháirc M3 (Dún Búinne) go Cluain Saileach a athoscailt. Cuireadh tús le hoibreacha luathchéime ar stráice na hUaimhe go hOllpháirc M3 ach cuireadh an tionscadal ar feitheamh in 2011 mar gheall ar dhúshláin eacnamaíocha a bhí roimh Éirinn ag an am.

2023

Cuireadh tús arís leis an obair chun tionscadal na hUaimhe go hOllpháirc M3 a chur chun cinn nuair a foilsíodh Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ceapadh Foireann Dearaidh i mí na Samhna 2024.

2026

Samhradh 2026: Comhairliúchán ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar.

Geimhreadh 2026: Comhairliúchán ar an mBealach Roghnaithe.



© Cóipcheart - Cumann Taifead Iarnróid na hÉireann (IRRS)



CUSPÓIR AN TIONSCADAIL

AN FÁTH A BHFUIL IARNRÓD NA hUAIMHE Á FHORBAIRT

CUSPÓIR AN TIONSCADAIL

Is é cuspóir uileghabhálach Iarnród na hUaimhe ná rogha iompair phoiblí atá rialta, iontaofa, comhtháite, inbhuanaithe agus tarraingteach a sholáthar a sholáthraíonn idir-nascacht shábháilte agus le hardlín paisinéirí don éileamh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo idir an Uaimh, Mórcheantar Chathrach Bhaile Átha Cliath, agus ceantair uirbeacha idirmheánacha.

Fochuspóirí an Tionscadail

Comhdhlúthú forbartha eacnamaíche dlúithe inbhuanaithe agus fás daonra a chumasú sa limistéar staidéir.

Spleáchas ar an gcarr príobháideach, brú trách ta agus tionchair chomhshaoil ghaolmhara a laghdú. Roghanna taistil inbhuanaithe atá tarraingteach d'úsáideoirí a sholáthar (lena n-áirítear ó thaobh ama turais, poncúlachta, minicíochta, uileghabhálachta, compoird agus slándála pearsanta de) nuair atá siad ag roghnú conas rochtain a fháil ar fhostaíocht, oideachas agus seirbhísí san Uaimh, i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus in áiteanna eile sa limistéar staidéir.

Rannchuidiú le spriocanna beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i ndáil le spriocanna dícharbónaithe 2050.

An tionchar ar an timpeallacht áitiúil le linn comhlánú agus oibriú na scéime a ioslaghdú, agus aon tionchar iarmharach a mhaolú.

Rannchuidiú le sábháilteacht iompair trí mhíleáiste bliantúil feithiclí ar an ngréasán bóithre a laghdú (le laghdú comhfhreagrach ar líon na dtimpistí taifeadta i gcomparáid le míleáiste iomlán feithiclí) agus aon mhéadú ar líon na bpointí coinbhleachta a theorannú.



COMHTHÉACS BEARTAIS

Tacaíonn beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil go láidir le hIarnród na hUaimhe.

Beartas Náisiúnta


Tacóidh an tionscadal seo le príomhbheartais lena n-áirítear an tAthbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2025, an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2025 agus an tAthbhreithniú Straitéiseach Uile-Oileáin ar Iarnród. Cuirfidh an tionscadal le huaillmhianta na hÉireann an t-iompar poiblí a dhícharbónú, nascacht réigiúnach agus tuaithe a fheabhsú, agus dlúthfhás agus forbairt eacnamaíoch a chumasú.


Beartas Réigiúnach

Is cuspóir de Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) 2022-2042 é Iarnród na hUaimhe a sheachadadh, a bhfuil sé mar aidhm aici 100km de líne iarnróid leictrithe nua a fhorbairt. Aithnítear freisin go bhfuil an tionscadal tábhachtach d'fhás agus d'fhorbairt eacnamaíoch mhór-réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Beartas Áitiúil

Tá Iarnród na hUaimhe ag teacht le Plean Forbartha Chontae na Mí agus le pleananna agus beartais áitiúla eile trí chur le forbairt sochaí dea-nasctha agus ísealcharbóin a thacaíonn le fás sóisialta agus eacnamaíoch.










NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE CHUN TIONSCADAL IARNRÓD NA hUAIMHE A CHUR i gCRÍCH




1. Próiseas Roghnúcháin Roghanna — TÁ AN TIONSCADAL AG AN bPOINTE SEO
2. An Réamhdhearadh & Measúnachtaí Timpeallachta
3. Iarratas ar Ordú Iarnróid
4. Cinneadh faoin Iarratas ar Ordú Iarnróid
5. Tairiscintí agus Soláthar
6. Tógáil agus Coimisiúnú
7. Tosú Seirbhísí do Phaisinéirí

Tá tionscadal Iarnród na hUaimhe anois tagtha go céim an Bhealaigh Roghnaithe. Ar feadh na míonna le teacht, breithneofar gach aiseolas a chuirfear isteach chuig an gcomhairliúchán poiblí agus déanfar obair dearaidh bhreise, déanfar measúnachtaí timpeallachta agus staidéir theicniúla.

Le linn na chéad chéime eile, déanfaidh foireann an tionscadail an Bealach Roghnaithe a mhionchoigeartú agus cuirfidh sí an réamhdhearadh ar aghaidh. Cuirfear measúnachtaí timpeallachta i bhfeidhm agus leanfar le teagmháil a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine agus le páirtithe leasmhara.

Ansin déanfar iarratas ar Ordú Iarnróid (cosúil le hiarratas pleanála) a ullmhú agus a thaisceadh leis an gCoimisiún Pleanála. Déanfaidh Iarnród Éireann a dhícheall chun an t-eolas is déanaí a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile de réir mar a rachaidh an tionscadal trí na céimeanna forbartha.



CUIR DO THUAIRIM IN IÚL

Cuirtear deis ar fáil tríd an gcomhairliúchán seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBealach Roghnaithe d'Iarnród na hUaimhe agus chun aiseolas a sholáthar. Tá do chuid aiseolais, léargas agus eolais áitiúil ar an mBealach Roghnaithe, ar stáisiúin atá beartaithe agus ar an mbonneagar gaolmhar tábhachtach chun bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile d'fhorbairt an tionscadail. Go háirithe, iarrtar aiseolas ar na hábhair a leanas:

- **An Bealach Roghnaithe agus teorainn mhionchoigeartaithe na conaire**
- **Athruithe a rinneadh ón gComhairliúchán ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar**
- **An bonneagar gaolmhar, lena n-áirítear athailíniúcháin bóithre atá beartaithe, trasnuithe agus atreoruithe fóntas**
- **Breithnithe timpeallachta**
- **Breithnithe pobail agus réadmhaoine**
- **Eolas áitiúil a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile den dearadh**
- **Deiseanna nó srianta eile ar cheart breithniú orthu**

Tar éis an chomhairliúcháin seo, déanfaidh foireann an tionscadail athbhreithniú agus machnamh ar an aiseolas uile a fuarthas.



FAISNÉIS CHUN TACÚ LE DO CHUID AISEOLAIS

Athruithe agus Mionchoigeartuithe an Bhealaigh

Rinneadh staidéir bhreise mar fhreagairt ar an aiseolas a fuarthas le linn an Chomhairliúcháin ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar. Chuir na staidéir sin bonn eolais faoin mBealach Roghnaithe, agus sainaithníodh áiteanna a raibh athruithe de dhíth agus a raibh na moltaí bunaidh fós ina rogha ab oiriúnaí.

Cuirtear fáilte roimh do chuid aiseolais ar an mBealach Roghnaithe agus ar athruithe nó mionchoigeartuithe ar bith a rinneadh ón gComhairliúchán ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar.

Líníochtaí Nuashonruithe na Conaire

Foilsíodh líníochtaí teicniúla níos mionsonraithe ina dtaispeántar conair an Bhealaigh Roghnaithe mar chuid den chomhairliúchán seo. Tugann foireann an tionscadail cuireadh duit féachaint ar na líníochtaí sin agus aon aiseolas a thabhairt a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an mBealach Roghnaithe.

Beidh ár bhfoireann tionscadail ar fáil ag imeachtaí an chomhairliúcháin chun na líníochtaí a mhíniú duit dá mbeadh míniú de dhíth ort.

Suíomhanna Stáisiún agus Inrochtaineacht

Tá ceithre stáisiún bheartaithe san áireamh sa Bhealach Roghnaithe ag an Uaimh Thuaidh, Lár na hUaimhe, Cill Mheasáin agus Dún Seachlainn.

Leag an t-aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin roimhe seo béim ar a thábhachtaí atá inrochtaineacht stáisiún, soláthar páirceála, naisc siúil agus rothaíochta agus comtháthú le pobail máguaird. Cuirtear fáilte roimh d'aiseolas ar na suíomhanna stáisiúin atá beartaithe agus maidir le cé chomh hinrochtana agus atá siad duitse.

Tionchair ar Réadmhaoin agus ar Thalamh

Mar thoradh ar Iarnród na hUaimhe a fhorbairt d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach talamh a shealbhú agus d'fhéadfadh tionchair a bheith ann ar réadmhaoine, ar fheirmeacha agus ar ghnólachtaí in aice leis.

Leanfar le hobair bhreise ar dhearadh agus ar mheasúnú de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Cuireann an fhoireann tionscadail fáilte roimh fhaisnéis nó eolas áitiúil ar bith a bhaineann le réadmhaoin, rochtain, gníomhaíochtaí talmhaíochta nó pobail áitiúla ar cheart breithniú a dhéanamh orthu.

Breithnithe Comhshaoil

D'fhéadfadh an tionscadal dul i bhfeidhm ar bhithéagsúlacht, ar an tírdhreach, ar oidhreacht chultúrtha agus ar shruthchúrsaí agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le torann agus creathadh.

Leanfar le measúnacht timpeallachta le linn na chéad chéime eile den tionscadal. Cuirtear fáilte roimh do chuid aiseolais maidir le saincheisteanna timpeallachta, deiseanna nó eolas áitiúil ar bith a cheapann tú gur cheart breithniú orthu.

Doiciméid agus Tuarascálacha Úsáideacha

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an tionscadail chun féachaint ar:

- Tuarascáil ar Thorthaí an Chéad Chomhairliúcháin Phoiblí Neamhreachtúil
- Tuarascáil ar an Athbhreithniú Teicniúil ar an Aiseolas ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar
- Líníochtaí teicniúla ina dtaispeántar teorainn nua na conaire, imlíne ingearach lena léirítear airde an iarnróid atá beartaithe agus faisnéis ar na saothair thalúnta a bheidh de dhíth
- Léarscáil idirghníomhach den Bhealach Roghnaithe

Iarnród na hUaimhe
Navan Railway

CUIR DO THUAIRIM IN IÚL AR LÍNE

Comhlánaigh agus cuir isteach ár bhfoirm aiseolais ar líne go tapa agus go héasca ag: bit.ly/Navan-Railway-PR-Feedback

FÉACH AR NA DOICIMÉID

Tá na líníochtaí agus na doiciméid chomhairliúcháin ar fáil duit le breathnú orthu agus le híoslódáil ar leathanach gréasáin ár dtionscadail ag www.irishrail.ie/navan-line

SEOL RÍOMHPHOST CHUGAINN

navan@irishrail.ie

GLAOIGH ORAINN

(01) 703 4451

SCRÍOBH CHUGAINN

Tionscadal Iarnród na hUaimhe,
Iarnród Éireann,
Teach Mhargadh an Fhéir,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7, D07 CF98

Conas a phróiseálfar do chuid aiseolais

Breithneoidh foireann tionscadail Iarnród na hUaimhe na haighneachtaí go léir a rinneadh le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Úsáidfear an t-aiseolas a gheofar chun bonn eolais a chur faoi dhearadh agus faoi mheasúnuithe comhshaoil an tionscadail chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na chéad chéime eile den fhorbairt chun Bealach Roghnaithe a aithint. Foilseofar tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin seo agus ar an gcaoi ar chuir sé bonn eolais faoi fhorbairt an dearaidh.